
Ta sé in am tosú ag obair! (Mise)




1. Lá amháin, fuair mo mham tuairisc scoile sa phost agus nuair a chonaic sí na gráid bhí sí iontach crosta liom. **Ba léir** nach raibh mé ag obair ar scoil.



2. Tháinig sí isteach i mo sheomra **láithreach**. "**Cad a tharla anseo?**' a dúirt sí agus í **ar buile**. Bhí mise ag imirt cluiche ríomhairí ar an *Playstation* agus ní raibh obair bhaile ar bith déanta agam!





3. Labhair mo mhamaí liom **go borb** mar **ní raibh sí pioc sásta**. Chuir sí scairt láithreach ar an phríomhoide. Ba mhaith léi na torthaí uafásacha **a phlé**. Bhí mé **scanraithe i mo bheatha**!




4. **An lá dár gcionn**, bhuail muid leis an phríomhoide san oifig. Dúirt sé **go mbeadh orm oibriú go crua** mar bhí scrúdaithe le déanamh agam ag deireadh na bliana. Bhí náire an domhain orm.




5. Dúirt mo mham liom nach mbeadh cead agam an ríomhaire a úsáid arís go dtí go raibh na torthaí **níos fearr**. Bhí obair chrua le déanamh agam agus ní raibh mé **ag dúil leis**!




6. Ach buíochas le Dia, bhí an chéad tuairisc scoile eile go maith. Fuair mé gráid níos fearr agus bhí mo mhamaí iontach sásta liom. Thug sí an Playstation ar ais agus cheannaigh sí cluiche nua dom!